

CLEVER- BOAT- MY- STICK

72

Fear eile nach raibh aige ach é fhéin is a mháthair. Sé an áit a raibh sí ina comhnaidhe, ag bun Chruach Phádraic. Bhí trí cinn de bheithidhigh aige. Tháinig an aimsir gann agus ní raibh aon bhlas lé n'ithe.

"Is fearr dhuit a Thomáis", adeir an mháthair, "ceann de na beithidhigh a chur chun an aonaigh. Chuaidh Tomás leis an mbó chun an aonaigh. Is gearr a bhí sé ann nuair a tháinig ceannaidhe go dtí é.

"Dia dhuit a Thomáis", adeir sé.

"Dia is Muire dhuit", adeir Tomás.

"Céard annseo indíú a'd", adeir sé.

"Tá bó mhaith a'm", adeir Tomás.

"Céard tá tú a iarraidh uirthi?".

"Chúig phunt", adeir Tomás.

"Ná déan a Thomáis", adeir sé, "ach tá maide a'm-sa agus tiubhraidh mé dhuit an maide ar an mbó".

"Níl baoghal orm-sa, mo bhó a thabhairt ar mhaide", adeir Tomás.

"Níl ort ach blaodhach ar, Cleverboat-my-stick agus níl aon áit a dteastóchaidh sé uait nach mbeidh sé agat".

73

Bhí sé ag gabhail do Thomás, go dtuig Tomás dó an bhó, ar an maide.

Tháinig sé abhaile agus an maide aige.

"Ar dhíol tú an bhó a Thomáis", adeir an mháthair.

"Dhíolas", adeir Tomás

"Céard a fuair tú, uirthi?".

"Fuair mé an maide seo", adeir Tomás.

"Muise níor cheart dhuit, an bhó a thabhairt ar mhaide.

"Níl orm", adeir Tomás, "i n-áit ar bith a dteastóchaidh, an maide uaim, i dtrioblóid ar bith, ach bloodhach ar Clever- boat- my -stick agus bheidh sé agam agus is fearr é sin ná cuid mhaith".

"Beidh aonach ina a leitheidí seo d'áit i mbarach a Thomáis", adeir sí, "agus tá sé chó maith dhuit, ceann eile aca a chur ann".

74

Thomáin sé leis i mbárach, chun an aonaigh, le ceann eile. Ní raibh ann ach go raibh sé istigh, nuair a tháinig an ceannaidhe arís go dtí é.

"Céard tá annseo a'd indiú?", adeir sé.

"M'anam nach é fearacht indé a'm", adeir Tomás, "go bhfuil bó mhaith indiú a'm", adeir sé.

"Céard tá tú a iarraidh indiú", deir an ceannoidhe.

"M'anam nach bhfuil aon gor agam sgaradh léithe gan chúig phunt, go dteastuigheann an t-airgead uaim".

"Ná déan a Thomáis, ach is a'm-sa atá an luichín is críonna a chonnaic aon duine ariamh, agus an priompallán is deirge dá bhfaca duine ariamh, agus an chlárseach cheoil dár chuala aon duine ariamh, agus tiubhraidh mé na trí cinn dhuit ar an mbó.

"M'anam fhéin gur bheag ab baoghal, atá orm", adeir Tomás "go dteastuigheann an t-airgead rí-ghéar uaim".

75

Mar sin fhéin, bhí sé ag gabhail do Thomáisín, go dtug sé an bhó dhó ar an luichín. Bhí cliamhan i ngar don dorus, ag Tomás. Nuair a chonaic an cliamhan Tomás ag tigheacht, tar éis an darna bó a bheith díolta aige tháinig sé chuige.

"Ar dhíol tú an bhó", adeir an cliamhan.

"Dhíolas", adeir Tomás.

"Céard a fuair tú?".

"Fuair mé an luichín, is críonna a chonnaic aon fhear ariamh, an priompallán is fearr a chonnaic aon fhear ariamh, agus an chlárseach ceoil is binne a chuala aon fhear ariamh.

"Is measa a bhéasa tú bliain ó anocht", adeir an cliamhan.

"Tá dúil a'd tú fhéin a fhághail gan bó ar bith".

Rith sé ar Thomás, agus bhuail sé de dhorna é, idir an dá shúil.

76

"Cá bhfuil tú clever-boat- my -stick", adeir sé.

Bhí Clever- boat- my -stick ag góghail ar an gcliamhan, ariamh nó gur iarr Tomás air stopadh.

"Tá sé chó maith", adeir an mháthair, "an tríomhadh bó a thabhairt leat chun an aonaigh i mbarach."

Chuidh Tomás chun an aonaigh i mbárach, leis an tríomhadh bó. Ní raibh ann ach go raibh sé ar an aonach nuair a tháinig an ceannaidhe go dtí é.

"Céard tá annseo indiú a'd a Thomáis"?.

"Pé bí rud atá a'm", adeir Tomás "níl aon mhaith dhuit-sa bheith ag caint, gan an t-airgead. Teastuigheann an t-airgead ró-ghéar anois".

"Ná dean a Thomáis", adeir sé "ach tá bró agam annseo agus tiubhraidh mé dhuit an bhró, ar an mbó. Níl ort ach í a leagan i gcoirnéal ar bith den teach agus pé ar bith sórt dá n-iarrfaidh tú uirthi meilt, beidh sí dá mheilt dhuit".

77

Thug Tomás dhó an bhó ar an mbró. Bhí teach dhreathar do Tomás, ar an mbealach agus mar bhí an bhró ar a dhruim, bhí sé tuirseach. Chuaidh sé isteach i dteach na dreifire a leigint a sgíthe, leag sé an bró le balla agus thuit sé fhéin a chodladh. Bhí an bhró goidthe ag an dreathiúir uaidh, nuair a d'éirigh sé agus ceann eile fágta ina háit. Bhual sé air an ceann, a bhí ina h-áit agus chroch sé leis abhaile go dtí na mháthair í.

"Éirigh suas anois, a mháthair", adeir sé, "agus pé bí sort min a iarrfas tú uirthi seo, beidh sí dá dheanamh". D'éirigh an mháthair agus ghlan sí coirnéal den teach. D'éirigh Tomás agus leag sé an bhró síos ann agus d'iarr sé uirthi, meilt.

Dá mbeadh sé ag iarraidh ar an mbró meilt ó shoin, ní chorróchadh sí.

78

"Mó dheithiúir", adeir sé, "a choinnigh mo bhró fhéin uaim-sa agus chuir sí é sin ina h-áit". Bhual sé an bró ar a dhruim arís, agus Clever-boat-my-stick faoi na asgaill aige, agus níor stop sé go ndeachaidh sé go dtí tigh an dreifire.

"Cár chuir tú mo bhróin", adeir sé.

"Ó, a amadain," adeir sí, "fág mo theach go beo".

Rug sí ar an tuairgín agus thosuigh uirthi ag gobháil de thuairgín air.

"Cá bhfuil tú, Clever-boat-my-stick". Thosuigh Clever-boat-my-stick, ag gobháil, ar an dreithiúir.

"Ó, éist liom", adeir sí agus "tiubhruidh mé dhuit mo bhró fhéin. Chroch sé abhaile ar a dhruim, an bhró ceart, go dtí an mháthair. Níor theastuigh uaidh, grán ná aon chinéal mín, a d'iarradh sé uirthi nach, meilfeadh sí dhó.

79

Is gearr go mba shaidhbhir an fear é fhéin anois.

Bhí sé ag díol saor, mar nach raibh tada dá íoc aige, ach na málaí.

Bhí duine uasal i n-aice leis a raibh inghean aige ag dhul a phósadh, faoi cheann tamaill. Ní raibh an inghean le fágail ag aon fhear, go ndéanadh sé trí mhí-nós i dtosach air.

Dubhairt Tomás le na mháthair san oidhche, nuair a bhí an bhainis le bheith ann go mbeadh sé fhéin cun na bainse.

"Sgread mhaidne ort, cá mbeadhtha ag dul".

“M’anam go mbeidh mé ann”, adeir Tomás.

Thóg sé leis a chlárseach ceoil, a luichín, agus a phriompallán agus tugadh suas san áit is fearr, a bhí sa teach, nuair a tháinig sé ann inar gheall ar an saidhbheas a bheith ag an gcréatúir.

80

Nuair a bhí píosa den oidhche caithte, d’fhiafruigh sé díobh ar mhiste leob go ndéanfadh sé fhéin píosa spóirt. Dubhairt chuile dhuine nár mhiste.

Tharraing sé amach a luichín agus an priompalláin agus a chlárseach ceoil. Chuir sé an clárseach ceoil, ag ceol agus an luichín agus an priompallán ag damsa le na chéile, ar an mbord. Is gearr a bhíodar ag damsa nuair a rug an cailín ar spail agus bhvail sí an luichín agus leag sí an luichín. Chuir sé ag damsa arís iad, agus is gearr arís gur chaith sí spail leis an luichín agus gur leag sí an luichín. “Sin dhá thrian de t’inghin a dhuine uasail,” ag ceapadh go raibh dhá mhísg déanta aice air fhéin. Leag sí an triomhadh uair an luichín.

“Is liom-sa t’inghean”, adeir sé.

81

Tiubhraidh mé ar ball dhuit í, ach ná téirigh a chodladh léithe anocht.”

“M’anam nach bhfanfaidh, mise liom fhéin, gan dhul a chodladh léithe anocht.

“Tiubhraidh mé dhá bhó dhuit, a Thomáis”, adeir sé, “agus ná téirigh a chodladh léithe anocht”.

“M’anam gur fadó, nach ngeithfidh mé leath chó réidh sin iad. Shuidh Tomás síos ar an teaglaigh agus bhí sé ag congailt a chíre go maidin ann.

“Tiubhraidh mé dhá bhó eile dhuit anocht”, adeir an duine uasal agus ná téirigh a chodladh léithe”.

“M’anam nach bhfanfainn ar sheacht gcinn anocht, gan dhul a chodladh léithe”.

“Tiubhraidh mé seacht gcinn fhéin dhuit ach ná téirigh a chodladh léithe”.

“M’anam nach ngeithfeadh mé leath chó réidh sin iad,” adeir Tomás.

82

Nuair a tháinig an oidhche an triomhadh h-oidhche, “tiubhraidh mé seacht gcinn eile anocht dhuit ach ná téirigh a chodladh léithe”.

“Dheamhan a bhfanfainn gan dhul a chodladh léithe anocht, ar sgór beithidheach”.

“Tiubhraidh mé an sgór fhéin, ach ná téirigh a chodladh léithe”.

“Is fadó, nár shaothruigh mé leath chó réidh iad”.

Ar maidín i mbarach rugadh ar thóin is ar cheann air, is caitheadh amach sa tsráid é.

Cuireadh fear óg a chodladh an oidhche sin léithe. An fear a raibh a chleamhnas déanta aice leis, bhí sé ag fanacht i gconaí, ar súil go suaimneóchadh Tomás, ar chaoi éicint. Nuair a tháinig an oidhche, is bhíodar a dhul a chodladh.

"Is suarach an rath", adeir an luichín, "atá muid a leigean ar an máighistir".

83

"Céard tá a'inn, le déanamh" adeir an priompallán.

"Éalómuid isteach", adeir an luichín, "agus cuirfidh mise mo dhrioball ina shróin", adeir an luichín.

"Cuirfidh sé sraoidh as".

"Bí thusa istigh faoi'n bpluid agus téirigh de léim ina thóin". "Coinneochaidh tú fhéin is mé fhéin suas mar sin go maidin" adeir an luichín.

"Beidh tú ag ceol ann".

Chuaidh an péire isteach. Chuir an luichín a dhrioball ina shróin. Chuir sé sraoidh as, agus níor shraoidh beag ná suarach í. Chuaidh an priompallán de léim ina thóin.

Níor chodail aon duine, dá raibh sa teach ag an bpriompallán ag ceol istigh ina phutógaí. San oidhche i mbárach cuireadh an chaoi chéadna air.

"Well", adeir athair an chaillín, "is ina thóin, atá rud éicint atá dhá choinnéal mí shuaimhneach. Cuirfidh mise caoi anocht air nach mbeidh tada air".

Rinne sé plug, agus thiomáin sé le mailéad suas ins thóin é, agus sheas sé fhéin le balla, ar a aghaidh go bhfeicfeadh sé céard a bhí le dhul ann.

"Ní dhéanfaidh muid aon mhaith anocht", adeir an priompallán.

"Tuige", adeir an luichín.

"An áit a dtéighinn, chuile oidhche, tá plug anocht agus ní fhéadfaidh mé a dhul ann".

"Cuirfaidh mise, mo dhrioball ina shróin, isteach go dtí an inchinn agus má fhaghuinn tú seans ar bith téirigh ann".

Chuaidh an péire isteach sa seomra. Chuir an luichín a drioball ina shróin agus chuir sí suas go dtí in-a inchinn é an plug a bhí ann, bhuail sé an duine uasal, a bhí ag faire le balla agus mharbhuigh sé é. Chuaidh an priompallán san áit a mbíodh sé ag ceol agus b'fhearr an ceol a rinne sé anocht ná ariamh.

Rugthas ar thóin agus ar cheann air, agus caitheas amach é, agus tugadh isteach Tomáisín aríst.

Pósadh Tomás agus an bhean óg le chéile agus bhí bainis seacht n-oidhche agus seacht lá ag gasúir, ag malraigh agus seandaoine, agus bhí sin sáthach maith ag Tomáisín.

12/10/1932